

# CORPOIDEACHAS

## Aonad Samplach 3



## Snáithe: Gníomhaíochtaí lasmuigh & gníomhaíochtaí eachtraíochta
## Snáithaonad: Treodóireacht



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

# CORPOIDEACHAS



## Critéir Ratha



- **Beidh mé in ann rialaitheoirí a aimsiú ag baint úsáid as léarscáil nó plean.**
- **Beidh mé in ann cuairt a thabhairt ar na hionaid rialaithe i ngrúpaí laistigh de theorainn ama.**



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

# Dul Siar



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

An cuimhin libh cad í seo?

Tá sé léarscáil.

nó

Is léarscáil í seo.



# Cad í seo?



## Is léarscáil í seo.

**Tabhair abairt eile dom a thosaíonn le ‘Is’.**

# Ar Chlé





# Ar Dheis

Suas

Síos

???



Ar chlé





???



# Ar dheis



???



# Suas

???

# Síos

Lámh Chlé

Lámh Dheas

# Airde an Chompáis - Dul Siar:

## https://wordwall.net/resource/81463439



# Líne Aibítre

Déanaigí scuaine sula dtéann muid chuig an gclós.
Seasaigí in ord de réir na haibítre.
Aoife, Barra, Caoimhín, Dáire srl

Caithfidh sibhse é seo a oibriú amach, ní féidir liomsa (an múinteoir) tacú libh.

**Bainigí úsáid as na treoracha nua a d'fhoghlaim muid:**

**Bog ar chlé, ar dheis, suas agus síos. Téigh chun tosaigh, ar gcúl.**



# Téamh Suas



**Téigí i ngrúpaí de chúigear. Beirígí greim ar lámha a chéile. Déanaigí iarracht an húlahúp/fonsa a bhogadh ón gcéad duine go dtí an duine deireanach gan bhur lámha a scaoileadh. Déanaigí seo arís i ngrúpaí difriúla: cailíní amháin, buachailí amháin, an rang iomlán.**

**Bainigí úsáid as na treoracha a d'fhoghlaim muid inniu:**

***Bog do lámh/do chos ar chlé, ar dheis, suas agus síos.***

dul ag na rialaitheoirí in aon ord gur mhaith leo agus gur rás a bheadh ann
dul ag na rialaitheoirí in aon ord gur mhaith leo agus gur rás a bheadh ann

# Tóraíocht Treodóireachta le líon na bearnaí



- **Téigí i ngrúpaí**
- **Tasc 1: Bainigí úsáid as an léarscáil agus téigí chuig na háiteanna timpeall na scoile atá marcáilte 'X' ar an léarscáil. Rás atá ann, beidh amadóir in úsáid ag an múinteoir. Is féidir dul chuig na rialaitheoirí in aon ord gur mian libh.**
- **Tasc 2: Aimsígí na póstaeir crochta in airde sna háiteanna seo agus freagraígí na ceisteanna. Scríobhaigí bhur bhfreagraí sna bearnaí ar an léarscáil.**
- **Tasc 3: Téigí timpeall na scoile arís agus aimsígí rudaí timpeall na scoile a**
  **mheaitseálann leis an aidiacht (Bileog oibre 2).**

# Cárta Gníomhaíochta – Léarscáil Shamplach



## Bileog Oibre 2

**Aimsigh rudaí timpeall na scoile a mheaitseálann leis an aidiacht.**

**Féach an sampla**

| Aidiachtaí | Freagraí | Aidiachtaí | Freagraí |
|---|---|---|---|
| Díreach | Rialóir | Glas  | |
| Mór  | | Donn  | |
| Te  | | Geal  | |
| Beag  | | Tirim  | |
| Bán | | Cearnógach  | |
| Dearg  | | Ciorclach  | |
| Mín  | | Álainn  | |

# Ceisteanna Samplacha: athraigh seo de réir comhthéacs na scoile

Cé Mé?

Bíonn páistí súgradh anseo faoin spéir ghorm.

Is mise an __________

Cé Mé?

Is mise an áit a mbíonn páipéir agus litreacha go leor.

Is mise an __________

Cé Mé?

Is mise an áit ina bhfágann na múinteoirí na gcarranna gach maidin.

Is mise an ___________

Cé Mé?

Féach síos ar an talamh faoi do bhróga.

Is mise an __________

Cé Mé?

Is mise an áit a n-itheann na daltaí a gcuid loin.

Is mise an_______________

Cé Mé?

Is mise an áit ina mbíonn na ranganna ag titim amach.

Is mise an _______________

# Ceisteanna Samplacha: athraigh seo de réir comhthéacs na scoile

Cé Mé?

Bíonn páistí súgradh anseo faoin spéir ghorm.

Is mise an clós

Cé Mé?

Is mise an áit a mbíonn páipéir agus litreacha go leor.

Is mise an oifig.

Cé Mé?

Is mise an áit ina bhfágann na múinteoirí na gcarranna gach maidin.

Is mise an carrchlós

Cé Mé?

Féach síos ar an talamh faoi do bhróga.

Is mise an cosán

Cé Mé?

Is mise an áit a n-itheann na daltaí a gcuid loin.

Is mise an bhialann/seomra lóin

Cé Mé?

Is mise an áit ina mbíonn na ranganna ag titim amach.

Is mise an foirgneamh scoile

# Tasc Breise: Tóraíocht na gCártaí (Tóraíocht Mheaitseála)



- Tabhair cón (nó spásmharcóir) do gach páiste agus iarr orthu iad a scaipeadh ar fud an limistéir imeartha, agus teacht ar ais chugat. Ansin tabhair cárta meaitseála amháin do gach páiste agus iarr orthu an cárta sin a chur faoi chón (mharcóir) folamh, agus teacht ar ais chugat arís. Iarr orthu an áit ar fhág siad a gcón féin a mharcáil ar an máistirléarscáil ranga.

- Iarr ar na páistí siúl/bogshodar/scipeáil timpeall an limistéir imeartha. Tosaíonn gach duine ag an am céanna. Nuair a dhéanann tú comhartha (m.sh nuair a shéideann tú feadóg) siúlann gach páiste chuig marcóir/cón agus tógann sé/sí an cárta atá faoin marcóir sin.

- Caithfidh na páistí bogadh thart anois i measc a gcomhdaltaí chun teacht ar an bpáiste a bhfuil an cárta aige/aici a oireann dá gcárta féin. Spreag iad le ceisteanna a chur agus freagraí a thabhairt ar a chéile chun a bpáistí a aimsiú.

- Tabhair thart ar 10 nóiméad (nó pé fad ama a chinneann tú ag brath ar an ngníomhaíocht) leis an tasc a chur i gcrích. Séid feadóg nó tabhair rabhadh comhartha nuair atá nóiméad amháin fágtha.

**Cluiche Meaitseála/Tóraíocht Mheaitseála – Gearr amach na cártaí agus cuir na cártaí cuí le chéile.**

*Tá leagan de na cártaí seo gur féidir a chóipeáil, a lannadh agus a ghearradh suas in Aguisín 1.*

| Chomh bán le... | Chomh dearg le... | Chomh milis le... |
|---|---|---|

## Samhlacha

| bainne  | fuil  | mil  |
|---|---|---|

| Chomh glas le... | Chomh hard le... | Chomh dubh le... |
|---|---|---|

## Samhlacha

| féar  | falla  | gual  |
|---|---|---|

| Chomh binn le... | Chomh glic le... | Chomh dána le... |
|---|---|---|

## Samhlacha

| cláirseach  | sionnach  | muc  |
|---|---|---|

| Chomh ramhar le... | Chomh beag le... | Chomh ciúin le... |
|---|---|---|

## Samhlacha

| rón  | dreoilín  | luch  |
|---|---|---|

**Cluiche Meaitseála/Tóraíocht Mheaitseála – Gearr amach na cártaí agus cuir na cártaí cuí le chéile.**

*Tá leagan de na cártaí seo gur féidir a chóipeáil, a lannadh agus a ghearradh suas in Aguisín 2.*



| | | | |
|---|---|---|---|
| leitís | spionáiste | arbhar | cairéad |
| cóilis | práta | brocailí | ubhthoradh |



| | | | |
|---|---|---|---|
| cúcamar | oinniún | soilire | biatas |
| piobar | gairleog | píseanna | puimcín |

# Téamh Síos: Taobh le Chéile

## *Bualadh bos le déanamh – damhsa roghnach!*

## Taobh le Chéile

"Taobh le chéile deas,
Taobh le chéile clé,
Taobh le chéile deas is clé,
Taobh le chéile, chéile."

### Forleathnú

- Gníomhaíochtaí – orduithe a thabhairt ... cluiche ranga/grúpa – tacair éagsúla – roghnaigh/pioc amach an .... ar chlé;
- Le púicín
- Gníomhaíochtaí: Cuir do lámh chlé ar do chromán... Deir Ó Grádaigh
- Athchruthú rainn sa rang - tasc scríbhneoireachta mar ghrúpa ar ais sa rang – grúpa i mbun plé agus ag cumadóireacht
- Slabhra daonna idir na cailíní tar éis dul timpeall dóibh nó slabhra idir na cailíní agus na buachaillí ionas go mbeidh páirtí nua acu. Déan an chéad chuid faoi dhó chun an rince a dhéanamh níos faide.




**Físeán Tacaíochta: https://padlet.com/maire8/corpoideachas-iseanna-teagaisc-ugulq4i7z4fv/wish/lDK1ZRR48D4YZJ9z**

**Spreag an Ghaeilge le Spraoi: https://padlet.com/maire8/an-teanga-bh-al-p4zy887txdiezppq/wish/PR3NWxvV3qJpQb0O**

# Cé Mé?

Bíonn páistí ag súgradh anseo faoin spéir ghorm.

Is mise an ____________

*Le crochadh in airde timpeall na scoile*

# Cé Mé?

Is mise an áit a mbíonn páipéir agus litreacha go leor.

Is mise an ______________

# Cé Mé?

Is mise an áit bhfágann na múinteoirí a gcuid carranna gach maidin.

Is mise an ______________

*Le crochadh in airde timpeall na scoile*

# Cé Mé?

Féach síos ar an talamh faoi do bhróga.

Is mise an ______________

*Le crochadh in airde timpeall na scoile*

# Cé Mé?

Is mise an áit a n-itheann na daltaí a gcuid lóin

Is mise an ____________

*Le crochadh in airde timpeall na scoile*

# Cé Mé?

Is mise an áit ina gcónaíonn na ranganna

Is mise an ______________